# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **dochreidte**?
   (a) Deas
   (b) Furasta a chreidiúint
   (c) Deacair a chreidiúint

2. Tá an focal **ábalta** i bparagraf 3. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **ar an dea-uair**?
   (a) Uaireanta
   (b) Ar an drochuair
   (c) Uair amháin

4. Is modh taistil iontach gasta é an spásárthach. Ainmnigh 3 mhodh taistil eile atá gasta.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. Cén fáth ar fhan Collins sa spásárthach nuair a bhí Armstrong agus Aldrin ag siúl ar an ghealach?

5. An dtig leat smaoineamh ar dhuine ar bith eile a bhí ar an chéad duine le rud iontach mar seo a dhéanamh?

CEA
Rewarding Learning

27 An fear nár shiúil ar an ghealach!

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# An fear nár shiúil ar an ghealach!

Cé a shíl riamh go mbeadh daoine ábalta siúl ar an ghealach? Nach bhfuil sé **dochreidte** ar fad? Ar 9.30 a.m. ar an 16 lá Iúil 1969, ba é sin an misean a bhí ag spásairí na Stát Aontaithe. D'fhág an spásárthach *Apollo 11* Florida agus é ag taisteal 40 000 ciliméadar san uair. Bhí triúr spásairí ar bord, Michael Collins, Buzz Aldrin agus Neil Armstrong, a bhí ina chaptaen ar an spásárthach. Trí lá ina dhiaidh sin, bhí siad ag fithis na gealaí, is é sin ag taisteal timpeall na gealaí. Nuair a bhí siad réidh, chuaigh Armstrong agus Aldrin isteach sa mhodúl gealaí, is é sin an **modúl** beag taistil a bhí acu ar an spásárthach le leaindeáil ar an ghealach féin. Tá a fhios ag an tsaol mhór cad é a tharla ansin, ar ndóigh. Shiúil Neil Armstrong ar an ghealach agus ba é Neil an chéad duine riamh a rinne sin. Dhá uair a chloig ina dhiaidh sin, lean Buzz Aldrin é.

Ar smaoinigh daoine riamh ar Michael Collins bocht, áfach, a bhí fágtha leis féin sa spásárthach? Dúirt Collins cúpla seachtain i ndiaidh dó filleadh ar an domhan:

'Bhí mé millteanach buartha nach dtiocfadh Armstrong agus Aldrin ar ais ón ghealach as siocair nach raibh muid cinnte ar chor ar bith an mbeadh an modúl gealaí **ábalta** leaindeáil ar an ghealach mar is ceart. Chomh maith leis sin, mura mbeadh siad ábalta filleadh ar an spásárthach, bheadh orm iad a fhágáil ansin. Chuir sin imní an domhain orm, le fírinne. **Ar an dea-uair**, ní raibh fadhb ar bith acu agus tháinig siad ar ais chugam i ndiaidh sé uair an chloig. Bhí mo chroí i mo bhéal go dtí go bhfaca mé an bheirt acu ar ais slán sábháilte.'

Bhí an t-ádh dearg orthu maith go leor. Ar an 24 Iúil tháinig siad uilig ar ais chuig an domhan agus leaindeáil siad ar an Aigéan Chiúin. Bhí clú agus cáil ar an triúr ina dhiaidh sin, go háirithe ar Armstrong agus Aldrin as an turas iontach a rinne siad. Beidh cuimhne go deo ag gach duine ar Armstrong agus Aldrin ach tá dearmad déanta ag go leor daoine ar Collins. Ach bhí Collins breá sásta go ndearna daoine dearmad air cionn is gur fear ciúin príobháideach a bhí ann. Ní clú agus cáil a bhí de dhíth air ach saol ciúin.

# Ceisteanna

**1. Cá fhad a thóg sé ar *Apollo 11* fithis na gealaí a bhaint amach?**
(a) 3 uair a chloig
(b) 3 lá
(c) 3 mhí

**2. Cérbh é an chéad duine a shiúil ar an ghealach?**
(a) Neil Armstrong
(b) Buzz Aldrin
(c) Michael Collins

**3. Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Chuaigh triúr spásairí chuig an ghealach sa mhodúl gealaí
(b) Leaindeáil beirt spásairí ar an ghealach
(c) Leaindeáil beirt spásairí ar an ghealach sa spásárthach

**4. Bhí Collins buartha nuair a bhí an bheirt eile ar an ghealach mar:**
(a) ní raibh an modúl gasta go leor.
(b) chaith siad barraíocht ama ar an ghealach.
(c) ní raibh sé cinnte faoin mhodúl bheag.

**5. Cén fáth nach bhfuil an chuimhne chéanna ag daoine ar Michael Collins is atá acu ar Buzz Aldrin agus Neil Armstrong?**
(a) Ní raibh post tábhachtach aige
(b) Níor shiúil sé ar an ghealach
(c) Bhí timpiste aige leis an spásárthach

**6. Cén sórt duine a bhí in Michael Collins, do bharúil?**
(a) Duine santach a bhí ann
(b) Ní raibh sé ag iarraidh bheith clúiteach
(c) Bhí éad air leis an bheirt eile

**7. Tá an focal modúl in úsáid sa téacs mar:**
(a) aidiacht.
(b) briathar.
(c) ainmfhocal.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Léirmheas
(b) Neamhfhicsean
(c) Póstaer